Gaelscoil na Fuinseoige
oifig@gsnafuinseoige.ie
(01) 298 9851
www.gsnafuinseoige.ie

Nuachtlitir
Márta, 2020

FÁILTE/*WELCOME*

A chairde,

Tá súil agam go bhfuil sibh go maith agus go mbaineann sibh taitneamh as nuacht na míosa seo a léamh.

I hope this newsletter finds you all well. I hope you enjoy reading up on this month's news in Gaelscoil na Fuinseoige.

Aisling.

SOS LÁ LE PÁDRAIG/*ST. PATRICK'S DAY BREAK*

Táimid ag dúnadh ar an Aoine, 13ú Márta ag 11.45rn don bhriseadh. Osclóidh an scoil arís ar an gCéadaoin, 18ú Márta. **Tabhair faoi deara an t-am críochnaithe. Beidh na múinteoirí ag tabhairt faoi inseirbhís scoile ag an am sin.**

The school will close on Friday, 13th March at 11.45am and reopen on Wednesday, 18th March at 8.30am. ***Please note earlier closing time. This is to facilitate teachers inservice training.***

CRAOBH NA FUINSEOIGE

Tá an imeacht clainne do Chraobh na Fuinseoige ar siúl ar an Aoine 27ú Márta ó 6.00in go 8.00in i halla na scoile. Seisiúin ceoil le Robbie ó Chraobh Phiarais Uí Ghréagáin a bheidh i gceist do pháistí agus tuismitheoirí na scoile. Thaitin an seisiúin go mór leis na páistí anuraidh mar sin molaim go mór go dtiocfadh an méid agaibh is gur féidir. Tá fáilte roimh gach teaghlach sa scoil freastal air seo.

Craobh na Fuinseoige's family event will be held on Friday, 27th March from 6.00pm-8.00pm in the school hall. Musicians form Craobh Phiarais Uí Ghréagáin will be holding music session workshop for children and parents. The children thoroughly enjoyed the workshop last year and I would strongly encourage as many of you as possible to attend. This is open to all families in the school.

CUMHDACH LEANAÍ/*CHILD PROTECTION*

Tá athbhreithniú déanta ar an Ráiteas Cumhdach Leanaí agus an Measúnú Riosca agus tá siad ar fáil ar an gclár fógraíochta taobh istigh de dhoras na scoile. Tá siad ar fáil freisin ar an suíomh idirlín, www.gsnfuinseoige.ie .

The Child Safeguarding Statement and Risk Assessment document have been updated and is available to read on the noticeboard inside the main door of the school. It is also available on our school website, www.gsnafuinseoige.ie.

AONACH NA LEABHAR/*BOOK FAIR*

Beidh Aonach Leabhar Bliantúil an scoile ar siúl an mhí seo. Beidh deis ag na páistí breathnú ar na leabhair i rith am scoile ar an Luan 9ú Márta. Beidh na leabhair ar díol Máirt 10ú – Déardaoin 12ú ó 8.30-9.30 ar maidin agus arís ó 1.10-2.30 tráthnóna. Tá fáilte roimh thuismitheoirí, sean tuismitheoirí srl teacht isteach i rith na hamanna sin. Beidh leabhair Gaeilge ar fáil freisin.

Faigheann an scoil luach 60% den méid leabhar a díoltar ag an aonach saor in aisce don scoil. Cuirfidh sé seo go mór leis na leabharlainne ranga agus an leabharlann scoile. Cuirfear dearbhán leabhar abhaile leis na páistí an tseachtain seo chugainn.

The annual school Book Fair will take place this month. The children will get the opportunity to look at the books during school time on Monday, 9th March and books can be purchased on Tuesday 10th – Thursday 12th March from 8.30-9.30 and 1.10-2.30. Parents/grandparents etc. are very welcome to come to the fair also! There is a good range of books as Gaeilge in the fair also.

The school receives free books to the value of 60% of what is sold at the fair. This will enhance our class libraries and the school library. We will send home a book token that may be used in the fair with the children next week.

MÍ NA GAEILGE

Tá Mí na Gaeilge linn agus beimid an-ghnóthach á cheiliúradh sa scoil. Ina measc beidh céilí againn, comórtais seanfhocail, lá ealaíne, lá iomána, cuairt go scoileanna eile ag roinnt ranganna, taispeántais ceoil, cuairt ó Púca Puppets agus lá fichille ina measc.
Mar a fheiceann sibh beidh an-chuid ar siúl ag an scoil i rith na míosa a chuirfidh le litearthacht, uimhearthacht, ceol, spórt agus ealaín na bpáistí fad is atá siad ag baint taitnimh as ár gcultúr agus oidhreacht. Chomh maith le sin beidh maidin chaife do thuismitheoirí ann agus beidh ceolchoirm an-bheag ann freisin. Beidh maidin chaife agus ceolchoirm ann do na Naíonáin Shóisir (Katy agus Sive) ar an Déardaoin 19ú Márta ag a 12.00. Beidh an mhaidin chaife agus ceolchoirm do gach rang eile (Eimear, Kate, Shane, Caitríona agus Colm) ann ar an Aoine 20ú Márta ag a 12.00 freisin. Beidh an dá cheolchoirm mar an gcéanna mar sin mura n-oireann do lá leat, is féidir freastal ar an lá eile.

Fuaireamar deontas €600 ó Ghaeloideachas a chabhróidh leis na costais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí ar fad.

The children will have a very busy, fun filled month this month when we will be celebrating Irish month. They will have a céilí, a hurling day, an art day, a chess day, a visit from Púca Puppets, music shows, competitions and art days to name some of the events. All events we have planned will enhance their literacy, numeracy, music, art and sport skills while at the same time further instilling a love for their culture and heritage. We will also have a coffee morning and small concert for parents as part of our celebrations. On Thursday, 19th March at 11.30am Junior Infant parents (Katy and Sive) are welcome to come to the coffee morning and concert. All other classes (Eimear, Kate, Shane, Caitríona agus Colm) are invited to attend on Friday, 20th March. Both concerts will be the same i.e. all classes will be performing a short song/poem both days. If your assigned day doesn't suit you, you are welcome to attend the other day.

We received a grant of €600 from Gaeloideachas which will help allay costs of the events.

SÍNTIÚS DEONACH/*VOLUNTARY CONTRIBUTION*

Mar is eol daoibh, faraor ní leor na deontais a fhaightear ón Roinn Oideachais chun na costais atá orainn sa scoil a ghlanadh. Mar gheall ar seo iarrtar orthu siúd gur féidir leo síntiús a íoc leis an mBord Bainistíochta. Cuirfear litir abhaile Mí Márta faoi agus beimid ag lorg an síntiúis Mí Aibreáin.

As you are aware unfortunately the grants we receive from the DES do not fully cover our outgoings in the school. As a result, we ask those who can, to pay a voluntary contribution to the Board of Management to help cover our costs. We will be asking for these contributions in April and will send out an email in March with further details.

COISTE CAIRDE

Tá roinnt imeachtaí á n-eagrú ag an gcoiste an mhí seo. Baileoidh an Ciorcal Comhrá le chéile ar an Déardaoin 5ú Márta ag 8.00 i Churchtown Stores. Chomh maith le sin beidh pacáil málaí i Super Valu 20ú,21ú agus 22ú Márta. Beidh tuilleadh eolais ag dul amach ar na grúpaí WhatsApp ranga.

The coiste cairde are organising some events this month. The monthly ciorcal comhrá will be held in Churchtown Stores on Thursday, 5th March at 8.00pm. They are also organising a fundraising event the weekend of 20th, 21st and 22nd of March in Super Valu Churchtown. We are asking all families to sign up for a slot of bag packing that weekend please! Further information will be sent out on the class WhatsApp groups.

ALTRAÍ HSE/*HSE NURSES*

Beidh na haltraí ón HSE ag teacht isteach ar an 5ú & 6ú Márta chuig na Naíonáin Shóisearacha chun tástáil cluas agus radhairc a dhéanamh.

Nurses from the HSE will be in school on 5th and 6th of March visiting Junior Infants for their hearing and vision tests.

RANGANNA GAEILGE/*IRISH CLASSES*

Táimid ag súil ranganna Gaeilge a chur ar fáil do thuismitheoirí i ndiaidh an Cásca. Tá áiseanna ar fáil ar www.irishforparents.ie má tá cabhair uait idir an dá linn.

We hope to hold Irish classes for parents in the school after Easter. Extra help with Irish is also available on www.irishforparents.ie.

AN CHÉAD FHAOISTIN/*FIRST CONFESSION*

Ba mhaith linn gach rath a ghuí orthu siúd i Rang a 2 atá ag tabhairt faoin gCéad Fhaoistin ar an Máirt 10ú i Séipéal na Croise Naofa, Dún Droma ag 6.30in.

We would like to extend our best wishes to those in Rang a 2 who are making their First Confession on Tuesday, 10th March in Holy Cross Church, Dundrum at 6.30pm.

LEABHRÁN SCOILE/*SCHOOL BOOK*

Mar chuid don Mhí Peannaireachta chuireamar leabhar scoile le chéile. Tá sampla ann do pheannaireacht gach páiste sa scoil. Rinneamar an rud céanna anuraidh agus tá sé i gceist againn é a dhéanamh gach bliain. Beidh sé go hálainn iad a bheith ann do stair na scoile.

As part of our handwriting month, we have produced a school book with a sample of each child's handwriting in it. We did one last year also and it is our intention to continue this each year. It will be lovely to have the books as part of our school's history!

COLÁISTE HIBERNIA

Roghnaíodh Gaelscoil na Fuinseoige arís le taifead a dhéanamh ar cheacht do Choláiste Hibernia. Beidh na ceamaraí ag teacht isteach go Rang Choilm ar an Aoine 6ú Márta ag taifead ceacht mhata.

Gaelscoil na Fuinseoige has once again been chosen to be filmed for Hibernia College. The camera crew will be *in the school on Friday, 6th March filming Colm and his class during a maths lesson.*

TURAS RANG A 1/ *RANG A 1 TRIP*

A bhuíochas le Múinteoir Katy, d'fhreastal Rang a 1 Caitríona ar cheardlann scríbhneoireachta Roddy Doyle i gCábán tSíle an tseachtain seo caite. Bhaineadar an-taitneamh as agus tá súil againn go bhfuil na síolta curtha anois do na scríbhneoirí óga nua atá I nGaelscoil na Fuinseoige.

Thanks to Múinteoir Katy, we secured a place on Roddy Doyle's handwriting workshop for Rang a 1 in Cabinteely. Rang Chaitríona went on the trip last week and had a fantastic time writing their own books. Hopefully, this will have sown the seeds for any budding young writers in Gaelscoil na Fuinseoige!